Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13452/21**

**CO EUR-PREP 30**
**POLGEN 179**
**ENV 809**
**MI 795**
**COMPET 758**
**IND 313**
**ECOFIN 1052**
**SOC 629**
**EDUC 359**
**EMPL 471**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2022<br>- Treochlár |

Gheobhaidh na toscaireachtaí thíos an treochlár thuasluaite, mar a thíolaic an uachtaránacht agus an uachtaránacht inteachta é.

De réir cleachtas bunaithe, d'ullmhaigh an uachtaránacht agus an uachtaránacht inteachta an treochlár sin ina leagtar amach na mórchéimeanna de Sheimeastar Eorpach 2022.

Is iad cuspóirí an treochláir a áirithiú go n-oibreoidh foirmíochtaí ábhartha uile na Comhairle agus a gcomhlachtaí ullmhúcháin ar bhealach comhordaithe agus comhsheasmhach chun díospóireachtaí na Comhairle Eorpaí maidir le Seimeastar Eorpach a ullmhú go críochnúil agus chun cur ar chumas na Comhairle Gnóthaí Ginearálta agus Coreper maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas.

Roinntear an treochlár ina dhá chéim: leis an gcéad chéim, dá dtugtar neart sonraí, cumhdaítear an tréimhse go dtí Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta, agus leis an dara céim, dá dtugtar faisnéis níos ginearálta, cumhdaítear an tréimhse idir cruinnithe na Comhairle i mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2022.

Tá an uachtaránacht inteachta ag cur tús le plé le Cathaoirligh na gcoistí d'fhonn bainistiú a gcuid oibre a chomhordú i rith an tseimeastair. Coinneoidh an uachtaránacht inteachta Coreper ar an eolas.

Aithníonn an uachtaránacht agus an uachtaránacht inteachta gné pharlaiminteach an tSeimeastair Eorpaigh, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, agus tugann siad dá n-aire an rún díospóireacht chomhpháirteach a reáchtáil le Parlaimint na hEorpa i mí an Mhárta 2022.

**AN CHÉAD CHÉIM**

**An tréimhse roimh Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta**

**An 5 Deireadh Fómhair 2021: An Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2021: Ceachtanna a foghlaimíodh agus bealach chun cinn i gcomhthéacs na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta - *Malartú tuairimí*

– An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme – *Staid na himeartha / Malartú tuairimí*

**Lár mhí Dheireadh Fómhair 2021**

– Tíolacann na Ballstáit an limistéir euro a ndréachtphleananna buiséadacha

**An 15 Deireadh Fómhair 2021: An Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Príomhdhúshláin Fostaíochta: Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta - *Formhuiniú*

– Príomhdhúshláin Shóisialta: Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta bunaithe ar an Athbhreithniú Bliantúil ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta - *Formhuiniú*

– Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát (Bunús dlí arna mholadh ag an gCoimisiún: Airteagal 148(2) CFAE) - *Glacadh*

– Todhchaí an tSeimeastair Eorpaigh agus an ról láidir atá ag Colún Eorpach na gCeart Sóisialta - *Díospóireacht bheartais*

**An 9 Samhain 2021: An Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme – *Staid na himeartha / Malartú tuairimí*

– Conclúidí maidir le Todhchaí an tSeimeastair Eorpaigh i gComhthéacs na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta - *Formheas*

**An 24 Samhain 2021: Pacáiste an Fhómhair maidir le Seimeastar Eorpach 2022**

– Glacann an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil Fáis , mar aon leis an togra le haghaidh moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, an dréacht-Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022 agus an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh

– Glacann an Coimisiún na tuairimí maidir le dréachtphleananna buiséadacha Bhallstáit an limistéir euro

**An dara leath de mhí na Samhna 2021**

Díreach tar éis fhoilsiú an dréacht-Mholta maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, déanfar na socruithe maidir le roinnt an tsaothair agus na socruithe comhordúcháin idir coistí, mar aon leis na modhanna chun tuairimí na gcoistí a chomhdhlúthú, a dhearbhú

**An 25-26 Samhain 2021: An Chomhairle Iomaíochais**

– An plean téarnaimh don Eoraip a chur chun feidhme - *díospóireacht bheartais*

**(b'fhéidir) Deireadh mhí na Samhna, lár mhí na Nollag 2021**

– Ullmhaíonn coistí (an Coiste um Beartas Eacnamaíoch i bhformáid an Ghrúpa Euro, Meitheal an Ghrúpa Euro, Comhaltaí Malartacha Mheitheal an Ghrúpa Euro) an dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, lena n-áirítear aighneacht chomhpháirteach an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta lena gcumhdaítear gnéithe fostaíochta agus sóisialta

**An 6 Nollaig 2021: An Grúpa Euro**

– Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro: cur i láthair ón gCoimisiún

– Measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha Bhallstáit an limistéir euro agus ar staid bhuiséadach agus ionchais bhuiséadacha an limistéir euro

**An 6-7 Nollaig 2021: An Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Seimeastar Eorpach 2022 – *Díospóireacht bheartais*

– An Suirbhé Bliantúil Fáis 2022, dréacht-Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022 agus dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *Cur i láthair ón gCoimisiún*

**An 7 Nollaig 2021: An Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2022: An Suirbhé Bliantúil Fáis 2022, Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh 2022, agus Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *Cur i láthair ón gCoimisiún*

– An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme – *Staid na himeartha / Malartú tuairimí*

**An 14 Nollaig 2021: An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Seimeastar Eorpach 2022 - Treochlár - cur i láthair ón uachtaránacht agus ón uachtaránacht inteachta

**An 17 Eanáir 2022: An Grúpa Euro**

– Dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro

**An 18 Eanáir 2022: An Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Conclúidí maidir leis an Suirbhé Bliantúil Fáis 2022 – *formheas*

– Conclúidí i ndáil le Tuarascáil 2022 maidir leis an Sásra Foláirimh – *formheas*

– Dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro do 2022 – *formheas*

– (b'fhéidir) An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme – *malartú tuairimí*

**Eanáir 2022**

– Gnéithe fostaíochta agus sóisialta den dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro do 2022 – *Formheas*

**An 22 Feabhra 2022: An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Ullmhúchán do Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta – dréachtchlár oibre anótáilte

**An 24 Feabhra 2022: An Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht)**

– díospóireacht théamach

**(b'fhéidir) An 25 Feabhra 2022: An Chomhairle Iomaíochais (an Taighde)**

– díospóireacht théamach

**An 7-10 Márta 2022: Suí iomlánach Pharlaimint na hEorpa**

– Comhdhíospóireacht maidir leis an Seimeastar Eorpach (le dearbhú)

**An 14 Márta 2022: An Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (Sóisialta)**

– díospóireacht théamach

– Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Suirbhé Bliantúil Fáis 2022 agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht - *formheas*

– An Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022 – *formheas*

**An 15-16 Márta 2022 (le dearbhú): Seachtain pharlaiminteach faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh**

– Díospóireachtaí idir comhaltaí na gcoistí ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa agus ó na parlaimintí náisiúnta

**An 17 Márta 2022: An Chomhairle Comhshaoil**

– díospóireacht théamach

**An 22 Márta 2022: An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Ullmhúchán do Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta:

  – Dréachtchonclúidí

  – Tuarascáil sintéise maidir le hionchur na Comhairle i dtaca le Seimeastar Eorpach 2022: malartú tuairimí

  – Dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro: tarchur chuig an gComhairle Eorpach

  – Treochlár nuashonraithe maidir le Seimeastar Eorpach 2022

**An 24-25 Márta 2022: An Chomhairle Eorpach**

– Malartú tuairimí maidir leis an staid eacnamaíoch agus fostaíochta

– Treoir do na Ballstáit maidir lena gcláir chobhsaíochta agus a gcláir um chóineasú agus a gcláir náisiúnta um athchóiriú do 2022

– Dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *formhuiniú*

## AN DARA CÉIM

### An tréimhse roimh Chomhairle Eorpach mhí an Mheithimh

**Roimh an 30 Aibreán 2022**

– De bhun na treorach a thug an Chomhairle Eorpach, tíolacfaidh na Ballstáit a gcláir náisiúnta um athchóiriú do 2022 agus a gcláir chobhsaíochta nó cláir um chóineasú do 2022

**An 5 Aibreán 2022: An Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *glacadh*

**Bealtaine/Meitheamh 2022: Pacáiste an Earraigh**

– Tíolacfaidh an Coimisiún a anailís thírshonrach (tuarascálacha tíre), moltaí 2022 le haghaidh moltaí ón gComhairle ina dtugtar tuairimí maidir le cláir chobhsaíochta agus cláir um chóineasú do 2022 agus maidir le cláir náisiúnta um athchóiriú (moltaí tírshonracha) agus, i gcás inarb infheidhme, maidir le grinn-athbhreithnithe faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha

– Foilseoidh an Coimisiún a thogra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát

– Díreach tar éis fhoilsiú na moltaí tírshonracha, déanfar na socruithe maidir le roinnt an tsaothair agus na socruithe comhordúcháin agus comhair idir coistí, mar aon leis na modhanna chun tuairimí na gcoistí a chomhdhlúthú, a dhearbhú.

**Tús Mhí an Mheithimh 2022**

– Obair ullmhúcháin an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Choiste um Beartas Eacnamaíoch agus an Choiste um Chosaint Shóisialta maidir le moltaí tírshonracha 2022

**An 16-17 Meitheamh 2022: An Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– díospóireacht théamach

– Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta – *formhuiniú*

– Seimeastar Eorpach 2022: moltaí tírshonracha – *formheas*

**An 17 Meitheamh 2022: An Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2022: moltaí tírshonracha – *formheas*

– (b'fhéidir) An Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a chur chun feidhme – Moltaí faoin nós imeachta um easnamh iomarcach – *glacadh*

**An 21 Meitheamh 2022: An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Ullmhúchán do chruinniú mhí an Mheithimh na Comhairle Eorpaí: dréachtchonclúidí

– Moltaí tírshonracha comhtháite a fhormheas agus a tharchur chuig an gComhairle Eorpach

**An 23-24 Meitheamh 2022: An Chomhairle Eorpach**

– Conclúidí

– Moltaí tírshonracha comhtháite: formhuiniú

**Iúil 2022: An Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Moltaí tírshonracha comhtháite: glacadh

– Conclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus cur chun feidhme na dtosaíochtaí um athchóiriú beartas